# Scéal Chú Chulainn

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Comhrá faoin saol ag an am sin.
2. Comhrá faoi fhinnscéalta.
3. Léigh an scéal Chú Chulainn don rang.
4. Comhrá faoin scéal.
5. Labhair faoi na huirlisí a bhí acu fadó chun iad féin a chosaint.
6. Déan dul siar ar na siombailí Ceilteacha .
7. Inis dóibh go bhfuil siad chun sciath a dhearradh do Chú Chulainn.

**Réamhrá:**

Mínigh don rang go bhfuilimid chun éisteacht le finscéal Eireannach. Pléigh an saol a bhí ag na daoine ag an am sin agus cén sort caitheamh aimsire a bhíodh acu. Labhair leo faoin easpa teicneolaíochta agus mínigh faoi na scéalta a bhí á n-insint ag daoine dá chéile fadó. Mínigh dóibh go bhfuil cáil ar chuid de na scéalta sin fós agus go nglaoitear finscéalta orthu.

**Corp an cheachta:**

1. Léigh Cú Chulainn dóibh.
2. Ceistigh na páistí faoin scéal. Ar thaitin sé leo? Cén sórt duine é Cú Chulainn dar leo? Cén sórt uirlisí troda/ cosanta a bheadh acu?
3. Taispeáin cúpla pictiúr dóibh agus labhair faoi éadaí na ndaoine agus faoi na huirlisí troda/ cosanta a bhí acu sna pictiúir.

   Luaigh na patrúin cheilteacha sna pictiúir chomh maith. Inis dóibh do bhfuil brí faoi leith ag baint leis na patrúin. Pléigh roinnt de na bríonna sin leo.

**Críoch an cheachta:**

Inis dóibh go bhfuil said chun sciath a dhearradh do Chú Chulainn. Tabhair cóip

De leathanach C2 dóibh.

## GLUAIS

Foclóir:

Finscéalta— Legend/Folk tales

Scéal béaloidis—folklore/oral tradition.

Ceilteach—Celtic



GMC

Erasmus+